# PLEAN CORPARÁIDEACH FHORAS NA GAEILGE 2026-2028

## 1. Achoimre Fheidhmeach

Tá Plean Corparáideach 2026-2028 bunaithe ar ár dTreo Straitéiseach 5 bliana, agus is léiriú é ar na tosaíochtaí a bheidh againn sna 3 bliana atá romhainn, ag díriú ar Mhórchuspóirí soiléire: méadú ar úsáid na Gaeilge, tacú le foghlaim na Gaeilge, agus cur le stádas na Gaeilge. Tá cur chuige comhtháite á ghlacadh againn bunaithe ar thaighde, ar chomhpháirtíocht agus ar nuálaíocht. Tá béim ar leith ar an teicneolaíocht agus ar an éagsúlacht agus táimid ag iarraidh go mbeidh gach duine sa tsochaí ábalta teacht ar an nGaeilge. Beidh cur i gcrích an phlean seo ag brath go mór ar na hacmhainní cuí a bheith ar fáil againn féin agus ag na Ceanneagraíochtaí le freastal ar an éileamh ón bpobal atá ag santú deiseanna leis an nGaeilge a fhoghlaim agus a úsáid. Tógfaidh Plean Corparáideach 2026-2028 ar an obair atá déanta againn féin agus ag ár gcomhpháirtithe le blianta beaga anuas le go mbeidh an Ghaeilge neadaithe mar theanga phobail i ngach gné den saol ar oileán na hÉireann.

*Seán Ó Coinn, Príomhfheidhmeannach*

Is cúis áthais dom an Plean Corparáideach seo a chur i láthair, plean uaillmhianach a léiríonn fís Fhoras na Gaeilge don tréimhse 2026-2028. Beidh an plean seo ag brath go mór ar mhaoiniú agus ar acmhainní foirne lena chur i gcrích. Sa phlean, táimid ag tabhairt aghaidh ar na dúshláin straitéiseacha is mó atá romhainn: úsáid na Gaeilge sa phobal, ár bhfeidhm chomhairleach, agus forbairt acmhainní teanga. Léiríonn an plean ár dtiomantas leanúnach do phobal na Gaeilge ar fud an oileáin, agus tá sé fréamhaithe sna bunphrionsabail — meas, ardchaighdeán, ceannaireacht, agus seirbhís don phobal. Is léiriú é ar an gcomhpháirtíocht idir Foras na Gaeilge, na Ceanneagraíochtaí, agus an 2 Rialtas, agus tá mé muiníneach go gcuirfidh sé bonn láidir faoi fhorbairt na Gaeilge sna 3 bliana amach romhainn.

*Regina Uí Chollatáin, Cathaoirleach*

## 2. Ráiteas Físe

Leagann ár bhfís amach na mianta atáimid ag iarraidh a bhaint amach agus an áit a dteastaíonn uainn an Ghaeilge a bheith amach anseo.

| |
|---|
| An Ghaeilge mar theanga phobail a bheith neadaithe i ngach gné den saol ar oileán na hÉireann |

## 3. Ráiteas Misin

Leagann ár misean amach na fáthanna a bhfuilimid ann, an sainchúram atá againn agus an t-athrú a theastaíonn uainn a dhéanamh.

| |
|---|
| Úsáid na Gaeilge agus a saibhreas cultúrtha a neartú gach áit, do gach duine, agus i ngach gné den saol |

## 4. Bunphrionsabail

Tá 5 bhunphrionsabal aitheanta againn a threoraíonn ár gcuid oibre ó lá go lá.

| |
|---|
| **Leas na Gaeilge:** is í an Ghaeilge an dúshraith atá faoi gach rud a dhéanaimid. Is cás linn riachtanais phobail na Gaeilge agus riachtanais forbartha na Gaeilge féin. |
| **An Pobal:** táimid tiomanta do sheirbhís a thabhairt don phobal agus don stát. |
| **Ardchaighdeán:** seasaimid le hardchaighdeáin maidir le feabhsú, forbairt agus foghlaim. |
| **Meas:** cothaímid meas orainn féin mar eagraíocht agus ar an bpobal. |
| **Ceannaireacht:** seasaimid lenár mbunphrionsabail trí dhea-shampla. |

# 5. Comhthéacs Straitéiseach agus Polasaí

In 1999 a bunaíodh Foras na Gaeilge, an comhlacht atá freagrach as an nGaeilge a chur chun cinn ar fud na hÉireann. De réir Chomhaontú Aoine an Chéasta, bunaíodh an Foras Teanga mar chomhlacht Thuaidh/Theas chun an Ghaeilge agus an Ultais a chur chun cinn. Faoi choimirce an chomhlachta sin, cuireann Foras na Gaeilge na freagrachtaí go léir i dtaca leis an nGaeilge i gcrích. I measc na bhfreagrachtaí atá orainn tá cur chun cinn labhairt agus scríobh na Gaeilge sa saol poiblí agus sa saol príobháideach, tacú leis an nGaeilge sa chóras oideachais, foclóireacht agus téarmaíocht a fhorbairt agus comhairle faoin nGaeilge a chur ar an 2 Rialtas agus ar eagraíochtaí eile.

Is iad na Ranna Coimircíochta (An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta de chuid Rialtas na hÉireann agus An Roinn Pobal i bhFeidhmeannas Thuaisceart Éireann) a chuireann bunmhaoiniú Fhoras na Gaeilge ar fáil. Tacaímid le Rialtas na hÉireann a bpolasaí Gaeilge a chur chun cinn tríd an *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030* agus oibrímid le Feidhmeannas Thuaisceart Éireann chun straitéis Ghaeilge a fhorbairt. Is sinne an phríomheagraíocht a thacaíonn leis an 2 rialtas na forálacha faoin nGaeilge ina gcláir rialtais a chur i bhfeidhm. Is iad sin *Clár an Rialtais 2025 – Todhchaí na hÉireann a Dhaingniú* i ndlínse Rialtas na hÉireann agus *Na Rudaí is Mó Tábhacht a Dhéanamh: Clár Rialtais 2024-2027* i ndlínse an Fheidhmeannais.

Feidhmímid laistigh de chreat reachtaíochta chomh maith, amhail Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2021 agus Acht na Gaeltachta 2012 i ndlínse Rialtas na hÉireann, an tAcht Féiniúlachta agus Teanga (Tuaisceart Éireann) 2022 agus an Chairt Eorpach um Theangacha Réigiúnacha agus Mionlaigh i ndlínse an Fheidhmeannais agus achtanna oideachais sa 2 dhlínse. Cuirimid go leor dár bhfeidhmeanna i gcrích tríd an gCur Chuige Comhpháirtíochta, struchtúr a chuimsíonn 6 Cheanneagraíocht Gaeilge atá freagrach as forbairt na teanga i réimsí éagsúla den saol.

# 6. Athbhreithniú Feidhmíochta ar Phlean 2023-2025

Tréimhse ghnóthach tháirgiúil a bhí sa tréimhse 2023-2025 d’Fhoras na Gaeilge. As an 266 sprioc shonrach a luaitear i bPleananna Gnó an Phlean Chorparáidigh 2023-2025, baineadh formhór acu amach (89%) faoi Shamhain 2025. Leagadh an-bhéim sa Phlean sin ar chúrsaí pobail agus

rinneadh dul chun cinn suntasach sa réimse sin. D'fhostaíomar triúr comhordaitheoirí pleanála teanga agus chaitheamar €8.4m ar ghníomhaíochtaí pleanála teanga sa tréimhse. D'fhreastail 170 duine ar an gcéad chomhdháil faoin bpróiseas pleanála teanga a reáchtálamar in 2024.

Réimse eile ar tháinig fás as cuimse air sa tréimhse seo ná earnáil na leabhar. D'éirigh go hiontach lenár gcomhpháirtíochtaí le grúpaí seachtracha ar nós Leabhair Pháistí Éireann agus Lá Domhanda na Leabhar chun leabhair Ghaeilge a chur i lár an aonaigh. Leanadh de rath Áis agus bhí luach €3.24 milliún ar dhíolachán leabhar le linn thréimhse an Phlean. Foilsíodh 220 leabhar nua le tacaíocht ó Chlár na Leabhar Gaeilge. Bhí an-rath ar Scríobh Leabhar, a spreagann daltaí bunscoile le tabhairt faoin scríbhneoireacht chruthaitheach sa Ghaeilge, agus ghlac 318 dalta páirt sa scéim sin ó 2023-2025.

Leanadh chomh maith den obair mhór foclóireachta agus téarmaíochta in imeacht na mblianta. Le linn thréimhse an Phlean, cuireadh 45,000 aonad céille den fhoclóir nua aonteangach in eagar agus foilsíodh an chéad sciar iontrálacha in 2025. Tugadh beagnach 5 mhilliún cuairt ar Focloir.ie agus beagnach 7 milliún cuairt ar Teanglann.ie. Bhí 33 cruinniú ag an gCoiste Téarmaíochta sa tréimhse agus tugadh 2.6 milliún cuairt ar Téarma.ie. Féach mír 10 thíos do phlé faoi na rioscaí don eagraíocht.

## 7. Mórchuspóirí Straitéiseacha

Tá na 3 Mhórchuspóir Straitéiseacha bunaithe ar phrionsabail na pleanála teanga a bhfuil sé d'aidhm aici idirghabháil a dhéanamh chun tacú le teanga mhionlaithe ar nós na Gaeilge. Tá na Mórchuspóirí fréamhaithe chomh maith san obair mhór atá déanta ag eagraíochtaí idirnáisiúnta ar nós Chomhairle na hEorpa agus UNESCO. Is Mórchuspóir Eagraíochtúil é an 4ú Mórchuspóir, a aithníonn an dea-rialachas eagraíochta atá riachtanach chun na cinn eile a chur i gcrích.

| **MC1: Cumas Teanga** | **MC2: Úsáid Teanga** | **MC3: Stádas agus Dearcadh** |
|---|---|---|
| Daoine a chumasú leis an nGaeilge a fhoghlaim nó a fheabhsú | Tacú le daoine leis an nGaeilge a úsáid i réimsí uile an tsaoil | Stádas na Gaeilge agus dearcadh dearfach ina leith a threisiú |

| MC4: Rialachas eagraíochtúil |
|---|
| Cloí le dea-rialachas agus scileanna agus acmhainní foirne a fhorbairt |

# 8. Cuspóirí Gnó agus Gníomhaíochtaí Gaolmhara

Sa chuntas achomair seo ar gach Mórchuspóir, luaitear na cuspóirí gnó a bhaineann leo agus déantar cur síos ardleibhéil ar na gníomhaíochtaí a dhéanfar chun iad a chur i gcrích. Tabharfar tuilleadh eolais faoi na gníomhaíochtaí sa Phlean Gnó bliantúil.

**MC1: Cumas Teanga**

Is é an cumas bunchloch na pleanála teanga, mar gan inniúlacht sa Ghaeilge a bheith ag dóthain daoine, ní féidir cur le deiseanna úsáide sa tsochaí. Cuimsíonn an Mórchuspóir seo an córas oideachais, deiseanna eile foghlama agus na hacmhainní teanga (foclóireacht, téarmaíocht, aistriúchán) a thacaíonn le foghlaim agus sealbhú na Gaeilge chun gur féidir í a úsáid go forleathan. Baineann rioscaí le gach ceann de na réimsí seo ar nós easpa maoinithe agus an caidreamh idir Foras na Gaeilge agus Ceanneagraíochtaí amhail Gael Linn, Gaeloideachas agus Cumann na bhFiann.

| Cuspóir Gnó | Gníomhaíochtaí |
|---|---|
| CG1: Réamhscolaíocht | Soláthar na hearnála a fhorbairt i gcomhar lenár gcomhpháirtithe. |
| CG2: Scoileanna Béarla | Deiseanna a thabhairt do dhaltaí cur lena gcuid Gaeilge trí scéimeanna amhail Scríobh Leabhar, Gaelbhratach agus Scoil Spreagtha. |
| CG3: Gaelscoileanna | Cás a dhéanamh ar son tuilleadh áiseanna forbartha d'éarnáil na Gaelscolaíochta sa 2 dhlínse. |
| CG4: Ollscolaíocht | Comhairle a chur ar Rialtas na hÉireann faoin ngá le forbairt cúrsaí trí Ghaeilge ag an tríú leibhéal. |
| CG5: Foghlaimeoirí Fásta | Eolaire faoi chúrsaí Gaeilge do dhaoine fásta a riar agus eolas a roinnt faoi dheiseanna eile foghlama. |
| CG6: Curaclam | Athbhreithniú agus forbairt a dhéanamh ar Séideán Sí. Áiseanna agus téacsleabhair bhunscoile agus iar-bhunscoile a fhorbairt. |
| CG7: Acmhainní Teanga | Foclóir aonteangach Gaeilge agus foclóir nua Gaeilge-Béarla a fhoilsiú ar líne. Réimsí nua téarmaíochta a chlúdach sa bhunachar náisiúnta téarmaíochta. |

| | |
|---|---|
| CG8: Aistriúchán | An Séala Creidiúnaithe d'Aistritheoirí a bhainistiú agus Séala nua Creidiúnaithe d'Eagarthóirí a fhorbairt. |
| CG9: Teicneolaíocht | Dul i gcomhpháirt leis an 2 rialtas le forbairtí don Ghaeilge sa réimse seo a chomhordú. Cur leis an gcorpas foclóireachta. |

**MC2: Úsáid Teanga**

Tá cur chun cinn na Gaeilge agus spreagadh úsáid na teanga ar na príomhfheidhmeanna atá ag Foras na Gaeilge. Caitear cuid shuntasach de bhuiséad na heagraíochta ar an réimse seo a bhfuil sé d'aidhm aige cur le húsáid na Gaeilge i bpobail éagsúla. Déanaimid infheistíocht sna meáin chumarsáide agus san fhoilsitheoireacht chomh maith chun cur le líon na ndaoine a úsáideann ábhar meán i nGaeilge agus chun an léitheoireacht a spreagadh. Is iad maoiniú na heagraíochta, acmhainní foirne agus an caidreamh le Ceanneagraíochtaí ar nós Oireachtas na Gaeilge agus Glór na nGael na rioscaí is mó don Mhórchuspóir seo.

| **Cuspóir Gnó** | **Gníomhaíochtaí** |
|---|---|
| CG1: Pleanáil Teanga | Ár dtacaíocht do ghrúpaí pobail a fhorbairt trí mhaoiniú, timireacht agus comhairle a sholáthar do na grúpaí sin agus do Cheanneagraíochtaí pleanála teanga reatha agus féideartha. Cur leis an bhfeachtas feasachta Gaelphobal.ie. Tacú le hionaid Ghaeilge agus le grúpaí ar mian leo ionaid a fhorbairt. |
| CG2: Foilsitheoireacht | Tacú le scríbhneoirí, le foilsitheoirí leabhar Gaeilge agus le pobal léitheoireachta na Gaeilge trí scéimeanna éagsúla. Feasacht faoi leabhair a ardú trí fheachtais agus comhpháirtíochtaí. I gcás Áis, úsáid níos éifeachtaí a bhaint as an teicneolaíocht ar mhaithe le tuilleadh leabhair Ghaeilge a chur ar an margadh. |
| CG3: Cultúr & Óige | Tacú le himeachtaí ealaíon agus cultúrtha agus le húsáid na Gaeilge i measc daoine óga trí scéimeanna éagsúla. |
| CG4: Teaghlaigh | Tacú le teaghlaigh atá ag úsáid na Gaeilge trí chlár oibre na Ceanneagraíochta Glór na nGael. |
| CG5: Gnó | Tacú le forbairt na Gaeilge i réimse an ghnó trí scéimeanna éagsúla. |
| CG6: Meáin chumarsáide | Tacú leis na meáin chumarsáide scríofa agus dhigiteacha i nGaeilge. |

| | |
|---|---|
| CG7: Údaráis áitiúla | Comhpháirtíocht a threisiú le húdaráis áitiúla chun an Ghaeilge a fhorbairt. |
| CG8: Gaeilge na hAlban | Comhpháirtíocht a threisiú le Bòrd na Gàidhlig chun na naisc idir Gaeilge na hÉireann agus Gaeilge na hAlban a threisiú. |
| CG9: Comhionannas & Éagsúlacht | An comhionannas agus an éagsúlacht a fhorbairt inár seirbhísí don phobal, agus teacht pobal mionlaigh agus an phobail Phrotastúnaigh ar an nGaeilge a chur chun cinn. |

**MC3: Stádas agus Dearcadh**

Baineann tábhacht mhór le stádas na Gaeilge d'fhorbairt na teanga mar cothaíonn sé aitheantas agus ábharthacht chultúrtha agus éascaíonn sé bearta cinnte pleanála a chuireann bonn níos láidre faoi thacaíocht an stáit don teanga. Bíonn tionchar ag stádas ar dhearcthaí i leith na teanga chomh maith, ceann eile de bhunghnéithe na pleanála teanga ar fud na cruinne. Cuimsíonn an Mórchuspóir seo feasacht i leith na Gaeilge, ról tionchair Fhoras na Gaeilge agus taighde. Cuireann an éiginnteacht maoinithe leis an riosca nach mbainfear amach an Mórchuspóir seo, go háirithe trínár gcaidreamh leis an gCeanneagraíocht Conradh na Gaeilge.

| **Cuspóir Gnó** | **Gníomhaíochtaí** |
|---|---|
| CG1: Feasacht | Feasacht a ardú faoin nGaeilge féin, faoi dheiseanna úsáide agus faoi Fhoras na Gaeilge. An mórfheachtas feasachta Creidim Ionat a reáchtáil i gcomhpháirt le RTÉ. |
| CG2: Comhairle | Ár ról comhairleach a úsáid trí abhcóideacht, cruinnithe agus aighneachtaí chun bonn níos láidre a chur faoin nGaeilge sa saol poiblí agus príobháideach. |
| CG3: Taighde | Tacú le taighde faoin nGaeilge mar bhonnlíne eolais ar éifeachtúlacht ár gcuid oibre, agus le tacú leis an gcomhairle a chuirimid ar an 2 rialtas maidir leis an nGaeilge. |

**MC4: Rialachas eagraíochtúil**

Is Mórchuspóir Eagraíochtúil é atá barrthábhachtach chun na Mórchuspóirí eile a bhaint amach. Cuimsíonn rialachas eagraíochtúil struchtúr leasaithe a cheapadh d'Fhoras na Gaeilge agus athrú ar struchtúr na foirne, idir róil atá ann cheana a athbhreithniú agus riachtanais bhreise earcaíochta a aithint. Aithnímid gur gá treisiú ar ár

bhfeidhmeanna acmhainní daonna agus scileanna na foirne a fhorbairt. Is í an éiginnteacht fhadtéarmach i mbuiséad bonnlíne Fhoras na Gaeilge agus, dá bharr sin, an easpa forbartha fadtéarmaí ar an eagraíocht an riosca is mó don Mhórchuspóir seo agus mar thoradh air sin d'fhorbairt na Gaeilge sa 2 dhlínse.

| Cuspóir Gnó | Gníomhaíochtaí |
|---|---|
| CG1: Athbhreithniú ar struchtúr na heagraíochta | Athbhreithniú a dhéanamh ar struchtúr Fhoras na Gaeilge leis an tairbhe is fearr a bhaint as na hacmhainní foirne. Cur leis an bhfoireann i réimsí straitéiseacha riachtanacha. |
| CG2: Athbhreithniú ar róil agus forbairt eagraíochtúil | Athbhreithniú a dhéanamh ar gach ról reatha san eagraíocht de réir mar a thagann folúntais chun cinn. Forbairt eagraíochtúil a phleanáil bunaithe ar acmhainní reatha agus féideartha. |
| CG3: Clár forbartha foirne | Clár forbartha foirne a aontú agus a chur i bhfeidhm. |
| CG4: Athbhreithniú ar pholasaithe | Athbhreithniú a dhéanamh ar pholasaithe agus nósanna imeachta uile na heagraíochta. |
| CG5: Pleanáil agus tuairisciú | Raon leathan feidhmeanna pleanála agus tuairiscithe a chomhlíonadh. |

# 9. Táscairí feidhmíochta do na gníomhaíochtaí sin

Tá táscairí feidhmíochta forbartha againn a úsáidtear chun dul chun cinn na hoibre a mheas i ngach Plean Gnó. Roinntear na táscairí sin idir na Mórchuspóirí Straitéiseacha agus déantar cur síos iontu ar na spriocanna a úsáidfear chun ár bhfeidhmíocht a mheas.

| Mórchuspóir | Táscaire |
|---|---|
| MC1 | An Ghaeilge a fhorbairt ag gach leibhéal den chóras oideachais sa 2 dhlínse agus i measc foghlaimeoirí fásta. |
| MC1 | Séideán Sí a fhorbairt mar thacaíocht d'fhoghlaim na Gaeilge sa chóras oideachais. |
| MC1 | Áiseanna tacaíochta teanga a fhorbairt go leanúnach. |
| MC1 | Tacú le hearnáil an aistriúcháin. |
| MC1 | Tacú le fógraíocht ardchaighdeáin trí Ghaeilge. |
| MC1 | An Ghaeilge a fhorbairt i gcúrsaí teicneolaíochta. |
| MC2 | Méadú agus leathnú ar líon na ndeiseanna úsáide agus na ngréasán úsáide a chuirtear ar fáil don phobal. |

| | |
|---|---|
| MC2 | Infheictheacht na Gaeilge sa phobal a mhéadú trí thacaíocht a chur ar fáil d'ionaid Ghaeilge agus do chomharthaíocht . |
| MC2 | Treisiú a dhéanamh ar an mbonneagar tacaíochta a chuirtear ar fáil i gcomhar leis na 6 Cheanneagraíocht. |
| MC2 | Tacú le himeachtaí poiblí le go mbeidh an Ghaeilge le feiceáil sa phobal. |
| MC2 | Tacú le húsáid na Gaeilge sna meáin, agus le forbairt na meán Gaeilge. |
| MC2 | Foilsitheoirí leabhar Gaeilge agus scríbhneoirí a chumasú le leabhair a sholáthar. |
| MC2 | Leabhair Ghaeilge a chur i láthair an phobail i siopaí agus ag ócáidí. |
| MC2 | A chinntiú go bhfuil an comhionannas agus an éagsúlacht á gcuimsiú inár gcuid oibre le go mbeidh rochtain ag cách ar an nGaeilge. |
| MC3 | Feasacht ar obair Fhoras na Gaeilge agus ar an nGaeilge a ardú. |
| MC3 | Comhairle a chur ar lucht forbartha polasaithe sa 2 dhlínse ag gach leibhéal sna rialtais agus sna hearnálacha poiblí. |
| MC3 | Taighde a dhéanamh faoin nGaeilge mar bhonnlíne eolais ar éifeachtúlacht ár gcuid oibre agus le tacú lenár ról comhairleach. |
| MC4 | Athbhreithniú a dhéanamh agus barr feabhais a chur ar pholasaithe, ar chórais eagraíochtúla, ar scéimeanna agus ar thionscadail. |
| MC4 | Feidhmeanna cuimsitheacha acmhainní daonna, airgeadais, teicneolaíochta, pleanála agus tuairiscithe a sholáthar. |
| MC4 | An dea-chleachtas a chur i bhfeidhm inár bpolasaithe, inár gcórais agus inár bpróisis rialachais chorparáidigh. |
| MC4 | Treisiú ar an mbonneagar tacaíochta a chuirtear ar fáil i gcomhar leis na 6 Cheanneagraíocht |

## 10. Rioscaí

Tá Clár Rioscaí againn a aithníonn na bagairtí is mó dár gcumas ár bhfeidhmeanna reachtúla a chomhlíonadh agus freastal mar is cuí ar phobal na Gaeilge. Ar na rioscaí sin tá:

| | |
|---|---|
| Maoiniú | Tá éiginnteacht ann maidir le maoiniú Fhoras na Gaeilge. Tá míréir idir an fhorbairt atá i ndiaidh teacht ar an nGaeilge sa 2 dhlínse agus an méadú atá i ndiaidh teacht ar mhaoiniú na heagraíochta le corradh le 10 mbliana. Tá laghdú beagnach 50% ar luach an mhaoinithe ó bhí 2008 ann. Tá gá le réiteach inmharthana, fadtéarmach agus cothrom a aimsiú don eagraíocht le gur féidir polasaithe na rialtas sa 2 dhlínse i leith na Gaeilge a chur i gcrích. . |
| Gaol leis na Ceanneagraíochtaí | Ó bunaíodh an Cur Chuige Comhpháirtíochta in 2014, tá na dúshláin mhaoinithe atá ag Foras na Gaeilge ag cur isteach ar dhea-reáchtáil na gCeanneagraíochtaí, agus imríonn sé sin tionchar diúltach ar ár gcaidreamh leis na Ceanneagraíochtaí. |
| Acmhainní foirne | Tá bearnaí suntasacha in acmhainní foirne na heagraíochta maidir le gnóthaí corparáideacha agus réimsí atá riachtanach do chur chun cinn na teanga. |
| Ról comhairleach agus tionchair | Tá baol ann nach mbeidh ról comhairleach agus tionchair Fhoras na Gaeilge á chomhlíonadh mar is ceart agus go ndéanfar dochar dár gcáil i measc phobal na Gaeilge dá bharr. Baineann an riosca sin le heaspa acmhainní foirne agus tá baol ann go mbeidh an Ghaeilge thíos leis go fadtéarmach i gcúrsaí oideachais, polaitíochta, maoinithe agus sa tsochaí trí chéile. |

## 11. Socruithe monatóireachta agus meastóireachta

Déantar monatóireacht agus meastóireacht ar na cuspóirí gnó thuas ar bhealaí éagsúla. Tugtar mioneolas faoi chuspóirí gnó sa Phlean Gnó bliantúil, déantar plé leanúnach orthu i gcruinnithe seachtainiúla den Ardbhainistíocht agus tuairiscítear an dul chun cinn ag cruinnithe ráithiúla monatóireachta leis na Ranna Coimircíochta. Cuirtear mionléargas ar obair na heagraíochta ar fáil don phobal tríd an Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais. Ceadaíonn Bord Fhoras na Gaeilge mórcháipéisí straitéiseacha de chuid na heagraíochta agus faigheann eolas rialta faoina feidhmiú.

# 12. Spléachadh ar an bplean

| Mórchuspóirí Straitéiseacha | Cuspóirí Gnó | Gníomhaíochtaí |
|---|---|---|
| ***MC1: Cumas Teanga*** | CG1: Réamhscolaíocht | Soláthar na hearnála a fhorbairt i gcomhar lenár gcomhpháirtithe. |
| | CG2: Scoileanna Béarla | Deiseanna úsáide Gaeilge a thabhairt do dhaltaí trí scéimeanna amhail Scríobh Leabhar, Gaelbhratach agus Scoil Spreagtha. |
| | CG3: Gaelscoileanna | Cás a dhéanamh ar son tuilleadh áiseanna forbartha d'éarnáil na Gaelscolaíochta sa 2 dhlínse. |
| | CG4: Ollscolaíocht | Comhairle a chur ar Rialtas na hÉireann faoin ngá le forbairt cúrsaí trí Ghaeilge ag an tríú leibhéal. |
| | CG5: Foghlaimeoirí Fásta | Eolaire faoi chúrsaí Gaeilge a riar agus eolas a roinnt faoi dheiseanna eile foghlama. |
| | CG6: Curaclam | Athbhreithniú agus forbairt a dhéanamh ar Séideán Sí. Áiseanna agus téacsleabhair bhunscoile agus iar-bhunscoile a fhorbairt. |
| | CG7: Acmhainní Teanga | Foclóir aonteangach Gaeilge agus foclóir nua Gaeilge-Béarla a fhoilsiú ar líne. Réimsí nua téarmaíochta a chlúdach sa bhunachar náisiúnta téarmaíochta. |
| | CG8: Aistriúchán | An Séala Creidiúnaithe d’Aistritheoirí a bhainistiú agus Séala nua Creidiúnaithe d’Eagarthóirí a fhorbairt. |
| | CG9: Teicneolaíocht | Dul i gcomhpháirt leis an 2 rialtas le forbairtí don Ghaeilge sa réimse seo a chomhordú. Cur leis an gcorpas foclóireachta. |

| | | |
|---|---|---|
| ***MC2: Úsáid Teanga*** | CG1: Pleanáil Teanga | An próiseas pleanála teanga a fhorbairt. |
| | CG2: Foilsitheoireacht | Tacú le scríbhneoirí, foilsitheoirí leabhar Gaeilge agus pobal léitheoireachta na Gaeilge. |
| | CG3: Cultúr & Óige | Tacú le himeachtaí ealaíon agus cultúrtha d'úsáid na Gaeilge i measc daoine óga. |
| | CG4: Teaghlaigh | Trí Ghlór na nGael, tacú le teaghlaigh atá ag úsáid na Gaeilge. |
| | CG5: Gnó | Tacú le forbairt na Gaeilge i réimse an ghnó. |
| | CG6: Meáin chumarsáide | Tacú leis na meáin chumarsáide scríofa agus dhigiteacha i nGaeilge. |
| | CG7: Údaráis áitiúla | Comhpháirtíocht a threisiú le húdaráis áitiúla chun an Ghaeilge a fhorbairt. |
| | CG8: Gaeilge na hAlban | Comhpháirtíocht a threisiú le Bòrd na Gàidhlig chun na naisc idir an 2 theanga a threisiú. |
| | CG9: Comhionannas & Éagsúlacht | An comhionannas agus an éagsúlacht a fhorbairt inár seirbhísí don phobal. |
| ***MC3: Stádas & Dearcadh*** | CG1: Feasacht | Feasacht a ardú faoin nGaeilge féin, faoi Fhoras na Gaeilge agus faoi dheiseanna úsáide. |
| | CG2: Comhairle | Ár ról comhairleach a úsáid chun bonn níos láidre a chur faoin nGaeilge sa saol poiblí agus príobháideach. |
| | CG3: Taighde | Tacú le taighde faoin nGaeilge mar bhonnlíne eolais ar éifeachtúlacht ár gcuid oibre. |
| ***MC4: Rialachas eagraíochtúil*** | CG1: Athbhreithniú ar struchtúr | Athbhreithniú a dhéanamh ar struchtúr na heagraíochta chun í a chur in oiriúint do riachtanais na linne. |

| | | |
|---|---|---|
| | CG2: Athbhreithniú ar róil | Athbhreithniú a dhéanamh ar gach ról san eagraíocht. Forbairt eagraíochtúil a phleanáil bunaithe ar acmhainní reatha agus féideartha. |
| | CG3: Clár forbartha foirne | Clár forbartha foirne a ullmhú agus a chur i bhfeidhm, ag brath ar acmhainní. |
| | CG4: Athbhreithniú ar pholasaithe | Athbhreithniú a dhéanamh ar pholasaithe agus nósanna imeachta uile na heagraíochta. |
| | CG5: Pleanáil agus tuairisciú | Raon leathan feidhmeanna pleanála agus tuairiscithe a chomhlíonadh. |

# Buiséad

| An Foras Teanga - Foras na Gaeilge | | Proposed 2026 Budget | | | +/- | | Proposed 2027 Budget | | | +/- | | Proposed 2028 Budget | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Expenditure** | | **Current** | **Capital** | **Total** | **€ change** | **% change** | **Current** | **Capital** | **Total** | **€ change** | **% change** | **Current** | **Capital** | **Total** |
| | | **€ 000** | **€ 000** | **€ 000** | **€ 000** | | **€ 000** | **€ 000** | **€ 000** | **€ 000** | | **€ 000** | **€ 000** | **€ 000** |
| Programme | | | | | | | | | | | | | | |
| 1.Development Services including language planning (language use) | | 11,432 | 0 | 11,432 | -182 | -2% | 11,251 | 0 | 11,251 | -187 | -2% | 11,063 | 0 | 11,063 |
| 2.Education Services (language ability) | | 3,586 | 0 | 3,586 | 13 | 0% | 3,600 | 0 | 3,600 | 14 | 0% | 3,614 | 0 | 3,614 |
| 3.Publication/Lexicography Services (status/language use) | | 2,238 | | 2,238 | 52 | 2% | 2,290 | 0 | 2,290 | 54 | 2% | 2,344 | 0 | 2,344 |
| Clár na Leabhar, Colmcille, eile | | 2,237 | | 2,237 | 0 | 0% | 2,237 | 0 | 2,237 | 0 | 0% | 2,237 | 0 | 2,237 |
| **Total Programme Expenditure** | | **19,494** | **0** | **19,494** | **-116** | **-1%** | **19,378** | **0** | **19,378** | **-120** | **-1%** | **19,258** | **0** | **19,258** |
| Pay Costs (Corporate only)* | | 1,366 | 0 | 1,366 | 41 | 3% | 1,407 | 0 | 1,407 | 42 | 3% | 1,449 | 0 | 1,449 |
| Non Pay Administration Costs | | 2,279 | 0 | 2,279 | 68 | 3% | 2,348 | 0 | 2,348 | 70 | 3% | 2,418 | 0 | 2,418 |
| Total Pension costs | | 883 | 0 | 883 | 14 | 2% | 897 | 0 | 897 | 14 | 2% | 911 | 0 | 911 |
| Total Administration Costs (excl lump sum pension costs) | | 4,529 | 0 | 4,529 | 123 | 3% | 4,652 | 0 | 4,652 | 127 | 3% | 4,778 | 0 | 4,778 |
| **Overall Total Expenditure (Programme & Administration) exc lump sum pension costs** | | **24,023** | **0** | **24,023** | **7** | **0%** | **24,029** | **0** | **24,029** | **7** | **0%** | **24,037** | **0** | **24,037** |
| | | | | | | | | | | | | | | |
| Lump sum Pension Costs Foras na Gaeilge | | 250 | 0 | 250 | 0 | 0% | 250 | 0 | 250 | 0 | 0% | 250 | 0 | 250 |
| **Overall Total Expenditure (Programme, Administration, current pensions & lump sum pensions)** | | **24,273** | **0** | **24,273** | 7 | 0% | **24,279** | **0** | **24,279** | 7 | 0% | **24,287** | **0** | **24,287** |
| | | | | | | | | | | | | | | |
| **Funding** | | | | | | | | | | | | | | |
| **NI NSMC programme funding FnaG only** | **25.0%** | **3,958** | **0** | **3,958** | **-2** | **0%** | **3,956** | **0** | **3,956** | **-2** | **0%** | **3,955** | **0** | **3,955** |
| **IRL NSMC programme funding FnaG only** | **75.0%** | **11,874** | **0** | **11,874** | **-5** | **-1%** | **11,869** | **0** | **11,869** | **-5** | **-1%** | **11,864** | **0** | **11,864** |
| | | | | | | | | | | | | | | |
| NI NSMC current pension funding FnaG only | 12.3% | 109 | 0 | 109 | 2 | 0% | 110 | 0 | 110 | 2 | 0% | 112 | 0 | 112 |
| IRL NSMC current pension funding FnaG only | 87.7% | 775 | 0 | 775 | 12 | 1% | 787 | 0 | 787 | 12 | 1% | 799 | 0 | 799 |
| | | | | | | | | | | | | | | |
| NI NSMC total funding FnaG only | | 4,067 | 0 | 4,067 | 0 | 0% | 4,067 | 0 | 4,067 | 0 | 0% | 4,067 | 0 | 4,067 |
| IRL NSMC tota funding FnaG only | | 12,648 | 0 | 12,648 | 7 | 0% | 12,655 | 0 | 12,655 | 7 | 0% | 12,663 | 0 | 12,663 |
| | | | | | | | | | | | | | | |
| Pension lumpsum funding NI | 25.0% | 63 | 0 | 63 | 0 | 0% | 63 | 0 | 63 | 0 | 0% | 63 | 0 | 63 |
| Pension lumpsum funding IRL | 75.0% | 188 | 0 | 188 | 0 | 0% | 188 | 0 | 188 | 0 | 0% | 188 | 0 | 188 |
| | | | | | | | | | | | | | | |
| NI funding Colmcille (50%) | 50.0% | 119 | 0 | 119 | 0 | 0% | 119 | 0 | 119 | 0 | 0% | 119 | 0 | 119 |
| IRL funding Colmcille (50%) | 50.0% | 119 | 0 | 119 | 0 | 0% | 119 | 0 | 119 | 0 | 0% | 119 | 0 | 119 |
| | | | | | | | | | | | | | | |
| IRL funding Clar na Leabhar Gaeilge (100%) | 100.0% | 2,000 | 0 | 2,000 | 0 | 0% | 2,000 | 0 | 2,000 | 0 | 0% | 2,000 | 0 | 2,000 |
| Language planning - IRL Jurisdictional programmes | 100.0% | 1,566 | 0 | 1,566 | 0 | 0% | 1,566 | 0 | 1,566 | 0 | 0% | 1,566 | 0 | 1,566 |
| Other IRL Jurisdictional programmes | | 2,909 | 0 | 2,909 | 0 | 0% | 2,909 | 0 | 2,909 | 0 | 0% | 2,909 | 0 | 2,909 |
| Other income book sales / VAT refunds | | 595 | 0 | 595 | 0 | 0% | 595 | 0 | 595 | 0 | 0% | 595 | 0 | 595 |
| **Total funding** | | **24,273** | **0** | **24,273** | **7** | **0%** | **24,279** | **0** | **24,279** | **7** | **0%** | **24,287** | **0** | **24,287** |
| **Pension lumpsums** | | 250 | 0 | 250 | 0 | - | 250 | 0 | 250 | 0 | - | 250 | 0 | 250 |
| **Projected Staff Nos** | | | | **60** | | | | | **60** | | | | | **60** |
| | | | | | | | | | | | | | | |
| **Assumptions/Narrative to support expenditure figures:** | | | | | | | | | | | | | | |
| ***Corporate pay costs shown separately, other pay costs allocated to relevant programmes** | | | | | | | | | | | | | | |
| ****Lumpsum pension costs will continue to be provided in addition to administration costs and programme spend** | | | | | | | | | | | | | | |

## An Foras Teanga - Foras na Gaeilge

| | | Proposed 2026 Budget | | | +/- | | Proposed 2027 Budget | | | +/- | | Proposed 2028 Budget | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Expenditure** | | **Current** | **Capital** | **Total** | **€ change** | **% change** | **Current** | **Capital** | **Total** | **€ change** | **% change** | **Current** | **Capital** | **Total** |
| | | **£ 000** | **£ 000** | **£ 000** | **£ 000** | | **£ 000** | **£ 000** | **£ 000** | **£ 000** | | **£ 000** | **£ 000** | **£ 000** |
| Programme | | | | | | | | | | | | | | |
| 1.Development Services including language planning (language use) | | 9,603 | 0 | 9,603 | -153 | -2% | 9,451 | 0 | 9,451 | -157 | -2% | 9,293 | 0 | 9,293 |
| 2.Education Services (language ability) | | 3,013 | 0 | 3,013 | 11 | 0% | 3,024 | 0 | 3,024 | 12 | 0% | 3,036 | 0 | 3,036 |
| 3.Publication/Lexicography Services (status/language use) | | 1,880 | | 1,880 | 44 | 2% | 1,924 | 0 | 1,924 | 45 | 2% | 1,969 | 0 | 1,969 |
| Clár na Leabhar, Colmcille, eile | | 1,879 | | 1,879 | 0 | 0% | 1,879 | 0 | 1,879 | 0 | 0% | 1,879 | 0 | 1,879 |
| **Total Programme Expenditure** | | **16,375** | **0** | **16,375** | **-97** | **-1%** | **16,277** | **0** | **16,277** | **-100** | **-1%** | **16,177** | **0** | **16,177** |
| Pay Costs (Corporate only)* | | 1,147 | 0 | 1,147 | 34 | 3% | 1,182 | 0 | 1,182 | 35 | 3% | 1,217 | 0 | 1,217 |
| Non Pay Administration Costs | | 1,915 | 0 | 1,915 | 57 | 3% | 1,972 | 0 | 1,972 | 59 | 3% | 2,031 | 0 | 2,031 |
| Total Pension costs | | 742 | 0 | 742 | 11 | 2% | 753 | 0 | 753 | 12 | 2% | 765 | 0 | 765 |
| Total Administration Costs (excl lump sum pension costs) | | 3,804 | 0 | 3,804 | 103 | 3% | 3,907 | 0 | 3,907 | 106 | 3% | 4,014 | 0 | 4,014 |
| **Overall Total Expenditure (Programme & Administration) exc lump sum pension costs** | | **20,179** | **0** | **20,179** | **6** | **0%** | **20,185** | **0** | **20,185** | **6** | **0%** | **20,191** | **0** | **20,191** |
| | | | | | | | | | | | | | | |
| Lump sum Pension Costs Foras na Gaeilge | | 210 | 0 | 210 | 0 | 0% | 210 | 0 | 210 | 0 | 0% | 210 | 0 | 210 |
| **Overall Total Expenditure (Programme, Administration, current pensions & lump sum pensions)** | | **20,389** | **0** | **20,389** | 6 | 0% | **20,395** | **0** | **20,395** | 6 | 0% | **20,401** | **0** | **20,401** |
| | | | | | | | | | | | | | | |
| **Funding** | | | | | | | | | | | | | | |
| **NI NSMC programme funding FnaG only** | **25.0%** | **3,325** | **0** | **3,325** | **-2** | **0%** | **3,323** | **0** | **3,323** | **-2** | **0%** | **3,322** | **0** | **3,322** |
| **IRL NSMC programme funding FnaG only** | **75.0%** | **9,974** | **0** | **9,974** | **-5** | **-1%** | **9,970** | **0** | **9,970** | **-5** | **-1%** | **9,965** | **0** | **9,965** |
| | | | | | | | | | | | | | | |
| NI NSMC current pension funding FnaG only | 12.3% | 91 | 0 | 91 | 1 | 0% | 93 | 0 | 93 | 1 | 0% | 94 | 0 | 94 |
| IRL NSMC current pension funding FnaG only | 87.7% | 651 | 0 | 651 | 10 | 1% | 661 | 0 | 661 | 10 | 1% | 671 | 0 | 671 |
| | | | | | | | | | | | | | | |
| NI NSMC total funding FnaG only | | 3,416 | 0 | 3,416 | 0 | 0% | 3,416 | 0 | 3,416 | 0 | 0% | 3,416 | 0 | 3,416 |
| IRL NSMC tota funding FnaG only | | 10,625 | 0 | 10,625 | 6 | 0% | 10,631 | 0 | 10,631 | 6 | 0% | 10,637 | 0 | 10,637 |
| | | | | | | | | | | | | | | |
| Pension lumpsum funding NI | 25.0% | 53 | 0 | 53 | 0 | 0% | 53 | 0 | 53 | 0 | 0% | 53 | 0 | 53 |
| Pension lumpsum funding IRL | 75.0% | 158 | 0 | 158 | 0 | 0% | 158 | 0 | 158 | 0 | 0% | 158 | 0 | 158 |
| | | | | | | | | | | | | | | |
| NI funding Colmcille (50%) | 50.0% | 100 | 0 | 100 | 0 | 0% | 100 | 0 | 100 | 0 | 0% | 100 | 0 | 100 |
| IRL funding Colmcille (50%) | 50.0% | 100 | 0 | 100 | 0 | 0% | 100 | 0 | 100 | 0 | 0% | 100 | 0 | 100 |
| | | | | | | | | | | | | | | |
| IRL funding Clar na Leabhar Gaeilge (100%) | 100.0% | 1,680 | 0 | 1,680 | 0 | 0% | 1,680 | 0 | 1,680 | 0 | 0% | 1,680 | 0 | 1,680 |
| Language planning - IRL Jurisdictional programmes | 100.0% | 1,316 | 0 | 1,316 | 0 | 0% | 1,316 | 0 | 1,316 | 0 | 0% | 1,316 | 0 | 1,316 |
| Other IRL Jurisdictional programmes | | 2,443 | 0 | 2,443 | 0 | 0% | 2,443 | 0 | 2,443 | 0 | 0% | 2,443 | 0 | 2,443 |
| Other income book sales / VAT refunds | | 500 | 0 | 500 | 0 | 0% | 500 | 0 | 500 | 0 | 0% | 500 | 0 | 500 |
| **Total funding** | | **20,389** | **0** | **20,389** | **6** | **0%** | **20,395** | **0** | **20,395** | **6** | **0%** | **20,401** | **0** | **20,401** |
| **Pension lumpsums** | | 210 | 0 | 210 | 0 | - | 210 | 0 | 210 | 0 | - | 210 | 0 | 210 |
| **Projected Staff Nos** | | | | **60** | | | | | **60** | | | | | **60** |

**Assumptions/Narrative to support expenditure figures:**

***Corporate pay costs shown separately, other pay costs allocated to relevant programmes**

****Lumpsum pension costs will continue to be provided in addition to administration costs and programme spend**